



Imlitir um Bhunoideachas 13/05

BUNBHRAINSE

IMLITIR CHUIG BOIRD BHAINISTÍOCHTA AGUS CHUIG PRÍOMHOIDÍ SCOILEANNA NÁISIÚNTA

FAOI UALACH MÁLAÍ SCOILE

Is mian leis an Aire Oideachais agus Eolaíochta aird na mBord Bainistíochta agus na bPríomhoidí de Scoileanna Náisiúnta a dhíriú arís ar [imlitir 51/98](#) a eisíodh do gach aon scoil i mí Dheireadh Fómhair 1998 mar aon le cóip de [Thuarascáil an Ghrúpa Shaothair ar Ualach Málaí Scoile](#) agus mar aon, freisin, le bileog fhaisnéise. Bhí sé mar cheann de phríomh-mholtaí na Tuarascála go ndéanfaí feachtas a thionscnamh a bheadh mar chuspóir aige aithne níos mó a thabhairt don bhfadhb a bhaineann le málaí scoile atá ró-throm.

Agus an moladh thuas san áireamh, tá sé thar a bheith tábhachtach go ndéanfaí an baol don tsláinte a bhaineann le málaí scoile ró-throma a aibhsiú arís. Cé go nglactar leis go bhfuil a lán scoileanna ann a chuir raon de dhea-chéimeanna i bhfeidhm chun an t-ualach a bhíonn ar dhaltaí a iompar, ar an tslí dóibh chun na scoile agus ar ais, a laghdú go mór, ba chóir do scoileanna athscrúdú a dhéanamh ar na nósanna imeachta a chleachtaítear sa chás nach mbeidh fuascailt faighte acu ar an bhfadhb sin fós. Ina leithéid de chás, díritear aire na n-údarás scoileanna, ach go háirithe, ar na gníomhartha a mholtar a chur i bhfeidhm chun an fhadhb a bhaineann le málaí scoile ró-throma a fhuascailt. Tá na gníomhartha sin léirithe ar leathanach 4 den Tuarascáil.

Agus sláinte is sábháilteacht san áireamh, tá sé mar dhualgas ar údaráis scoileanna an fhadhb seo a shainaithint, más ann di, agus na céimeanna cuí is gá a chur i gcrích chun déileáil leis.

Glactar leis sa Tuarascáil go bhfuil tionchar ag iliomad gnéithe ar an bhfadhb seo agus de thoradh sin ní amháin go mbeidh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus údaráis scoileanna gafa san réiteach ach freisin beidh tuismitheoirí mar aon le foilsitheoirí leabhar oideachasúil agus fiú amháin na páistí féinigh gafa san ghnó.

Moltaí an Ghrúpa Shaothair

Léirítear anseo thíos an achoimre ar mholtaí an Ghrúpa Shaothair atá ar fáil sa bhileog fhaisnéise a eisíodh do gach aon scoil:

Moltaí do na Scoileanna:

- *An gnó a chur in aithne*
- *Méid na faidhbe sa scoil a iniúchadh*
- *Comhoibriú idir scoil agus teaghlach, maidir leis an ngnó, a spreagadh*
- *Caidreamh a chothú leis na foilsitheoirí*
- *Dúnghaoisí oiriúnacha um obair baile a shainiú maidir leis an bhfadhb seo*
- *Aghaidh a thabhairt ar cheisteanna maidir leis an tráthchlár (féach an Tuarascáil)*
- *Scileanna eagraíochta na ndaltaí a fhorbairt agus a spreagadh*
- *Aire don drom a bheith i gceist sna cláir um shláintoideachas*
- *Más indéanta é, iniúchadh a dhéanamh ar chóipeanna dúblacha a sholáthar i gcás roinnt téacsleabhar*

Moltaí do na Tuismitheoirí:

- *Aithne ar an gceist a phlé*
- *Caidreamh, ar tóir réiteachaí, a chothú leis an scoil*
- *An deardh ceart ar mhála scoile a cheannach*

Moltaí do na Foilsitheoirí:

- *Ualach málaí scoile a chur san áireamh agus téacsleabhair á ndearadh acu*
- *Caidreamh, ar tóir réiteachaí, a chothú leis na comhphobail scoileanna*

Do chuir an bhileog in iúl, freisin, go raibh scoileanna ann a fuair faoiseamh ar an bhfadhb trí na mic léinn a spreagadh chun roinnt téacsleabhar a fhágáil ar scoil istóiche. Lena chois sin, do mhol an bhileog go mba chóir do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí caidreamh a chothú leis na foilsitheoirí oideachasúla Éireannacha chun laghdú a bhaint amach ar mhéid agus ar ualach na dtéacsleabhar.

Ar mhiste cóip den imlitir seo a sholáthar d'ionadaithe cuí na dtuismitheoirí agus na múinteoirí lena sheoladh chuig tuismitheoirí agus múinteoirí ar leith.

Fiosrúchán ar bith i dtaobh na himlitreach seo, ba chóir é a dhíriú ar Rannóg Riaracháin Bhunoideachais 1, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, Teil. 090 6483733 nó 090 6483736.

Tá fáil ar an Imlitir seo agus ar Thuarascáil an Ghrúpa Shaothair ar ghréasán na Roinne Oideachais agus Eolaíochta ag www.education.ie.

Seán Ó Breacáin
Príomh Oifigeach
Bealtaine 2005